CAIBIDIL 7: CEACHTANNA Ó THÍORTHA EILE

Moltar sa lámhleabhar athbhreithnithe pholasaí agus LAA go bhféadfaí an taithí i dtíortha eile a bhreithniú mar chuid den phróiseas athbhreithnithe. Is é an aidhm atá ag Caibidil 7 ná (i) caiteachas ar thacaíochtaí ioncam leanaí in Éirinn a thaispeáint i gcomhthéacs idirnáisiúnta (Mír 7.1); (ii) roinnt ghnéithe ar leith den chóras a léiriú i dtíortha eile mar rátaí íocaíochta agus aoise (Mír 7.2); (ii) forthorthaí comparáideacha do bhochtanas i gcoibhneas le haschuir i dtéarmaí leibhéil chaiteachais a thaispeáint (Mír 7.3); agus (iv) tabhair gearrchuntas ar threo leathan leasuithe go hidirnáisiúnta agus i dtíortha roghnaithe chomh maith (Mír 7.4).

7.1 TIL caiteachas i gcomhthéacs idirnáisiúnta

Cuireann tíortha forbartha go léir beagnach agus líon méadaithe tíortha níos lú forbartha tacaíochtaí airgeadais ar fáil do theaghlaigh le leanaí. Athraíonn an réimse córas go mór i dtéarmaí a luacha absalóidigh do theaghlaigh cibé an bhfuil siad uilíoch nó sonraithe nó fiú cibé an ndéantar iad a sheachadadh trí chóras tacaíochta ioncaim nó tríd an gcóras cánach.

Is féidir fás cláir shochair theaghlaigh a rianadh go dtí an tréimhse iarChogadh Domhanda II sa chuid is mó de thíortha forbartha. Iarradh tabhairt faoi na riachtanais bainteach le gnáthstruchtúir theaghlaigh ag an am leis na cláir sin. Mar atá imlínithe i gCaibidil 2 nuair a tugadh Liúntas Leanaí isteach go hÉirinn i 1944 ba é an cuspóir luaite a bhí aige ná *"modhanna a chur ar fáil chun cabhrú le díothú teastála i dteaghlaigh",* ag léiriú ansin an gnáthstruchtúr agus na noirm a bhí in Éirinn ag an am sin. Mar sin féin tá sé léirithe i gcaibidlí eile nár fhan cláir TIL statach ach go raibh bunathraithe déanta orthu le linn na mblianta mar fhreagairt ar chúinsí eacnamaíochta agus sóisialta agus riachtanais shóisialta éagsúla. Tá an scéal amhlaidh freisin i dtíortha eile ach is féidir a rá freisin go bhfuil cosúlachtaí áirithe in aidhm na gclár TIL - feabhas a chur ar leas leanaí ina iomláine agus timpeallacht a chruthú inar féidir le tuismitheoirí dul i bhfostaíocht agus na tiomantais sin a chothromú le saol an teaghlaigh.

Mar chuid dá bunachar sonraí teaghlaigh,[140] d'fhoilsigh an ECFE sraith tháscairí chomparáideach go hidirnáisiúnta bainteach le polasaithe teaghlaigh lena n-áirítear cláir

[140] http://www.oecd.org/document/4/0,3343,en_2649_34819_37836996_1_1_1_1,00.html
Clúdaíonn na cineálacha caiteachas poiblí ar shochair leanaí atá mar bhunús d'anailís na hECFE go ginearálta trí réimsí: aistrithe airgid bainteach le leanaí do theaghlaigh le leanaí caiteachas poiblí ar

aistrithe agus chánach. Fad is nach bhfuil siad comparáideach go hiomlán leis an sainmhíniú ar thacaíocht ioncam leanaí a úsáideadh níos luaithe taispeánann na táscairí sin go bhfuil caiteachas i gcláir thacaíochta ioncam leanaí ard go leor i dtéarmaí idirnáisiúnta. Bhí caiteachas airgid mheasta i 2005 ag 2.2% de OTI i gcomparáid le 1.3% ar an meán de OTI don ECFE-26. Mar sin féin, ní raibh caiteachas iomlán ar shochair theaghlaigh in Éirinn ag 2.6% de OTI ach beagán os cionn meánleibhéil 2.3% na hECFE-26 mar gheall ar an gcaiteachas íseal in Éirinn ar sheirbhísí agus díolúintí cánach (m.sh. ioncam ó shocair leanaí nach bhfuil san áireamh sa bhonn cánach). Ní raibh caiteachas in Éirinn ar sheirbhísí sochair leanaí (m.sh. áiseanna cúram leanaí agus oideachas luath-óige) ach 0.3% de OTI i gcomparáid leis an méanchaiteachas 0.8% de OTI na hECFE-26 agus tá sé i bhfad níos ísle ná tíortha PE-15 eile mar An Fhrainc, An Dainmhairg agus An tSualainn (1.6%, RA 1.0%) agus An Ghearmáin (0.7%). Bhí an caiteachas 2.2% in Éirinn ar thacaíochtaí airgid cosúil leis sin sa RA agus san Astráil in ainneoin struchtúir sochair dhifriúla.

Figiúr 7-1: Caiteachas Poiblí ar Shochair Theaghlaigh i dtíortha ECFE



sheirbhísí do theaghlaigh le leanaí agus tacaíocht airgeadais do theaghlaigh tríd an gcóras cánach. Féach freisin ar Bosca 3-1.

7.2 Comparáid idir gnéithe ar leith

Sa mhír seo scrúdaítear córais sochair leanaí trasna na hECFE faoi thrí cheannteideal:

- cibé an gcuirtear an sochar ar fáil ar bhonn uilíoch nó tastála;
- an aois is airde ag a ndéantar íocaíochtaí;
- an leibhéal íocaíochta.

7.2.1 Sochar teaghlaigh príomhúil uilíoch nó faoi thastáil ioncaim

Sainaithníonn anailís ar fhoinsí MISSOC na tíortha a oibríonn córas uilíoch seachas ceann tastála ioncaim. Mar atá imlinithe i dTábla 7-1 roghnaíonn an chuid is mó de thíortha na hECFE córas uilíoch. Chun críocha na hanailíse seo baineann na sainmhínithe seo a leanas:

- ***Sochair Leanaí Uilíocha:*** *(sochair theaghlaigh tugtha orthu freisin nó liúntais leanaí nó teaghlaigh):* íocaíochtaí do theaghlaigh le leanaí is cuma faoi ioncam tuistí. D'fhéadfadh an méid sochair a athrú de réir ord an linbh sa teaghlach agus/nó staid fostaíochta an tuismitheora.

- ***Sochair Leanaí Bainteach le hIoncam*** **:** athraíonn leibhéil chailítheachta de réir ioncaim agus de ghnáth bíonn siad teoranta do theaghlaigh le leanaí a bhfuil a n-ioncam faoi bhun méid áirithe.

Tábla 7-1: Tíortha rangaithe ag cibé an bhfuil tastáil mhaoine acu don sochar teaghlaigh príomhúil agus uasmhéid sochair do 1 leanbh mar % den mheánphá coibhéiseach

Uasmhéid sochair do leanbh amháin mar % den Mheánphá coibhéiseach	*Líon tíortha gan tastáil mhaoine nó ioncaim do shochar teaghlaigh príomhúil*	*Tíortha le tastáil mhaoine nó ioncaim*
0 % de Mheánphá	1 (An Ghréig)	
1 % de Mheánphá		2 (An tSeapáin, An Spáinn)
2 % de Mheánphá	3 (An Chipir, An Fhrainc, Laitvia)	2 (An Pholainn, An Phortaingéil)
3 % de Mheánphá	9 (An Bheilg, Eastóin, An Fhionlainn, An Liotuáin, An Ísiltír, An Iorua, Poblacht na Slóvaice, An tSualainn, RA)	4 (Poblacht na Seice, Ceanada, An Phortaingéil, SAM)
4 % de Mheánphá	4 (An Ostair, An Dainmhairg, An Ghearmáin, An tSualainn)	
5 % de Mheánphá		2 (An Iodáil, Íoslainn)
6 % de Mheánphá	2 (Lucsamburg, **Éire**)	
7 % de Mheánphá	1 (An Ungáir)	
8 % de Mheánphá		2 (An Astráil, An tSlóivéin)
9 % de Mheánphá		1 (Málta)
10 % de Mheánphá		1 • An Nua-Shéalainn
Áireamh Iomlán	20	14

Tabhair faoi deara: Dáta do 2007; Níl aon dáta don Chóiré nó don Tuirc; Tá íocaíochtaí forlíonta ag roinnt tíortha. San Astráil, Ceanada, sa Ghearmáin agus Nua Séalainn féadfaidh aistrithe a bheith i bhfoirm creidmheasanna in-aisíochta cánach atá cosúil le sochair airgid mar níl siad teoranta do mhéideanna cánach ioncaim.
Foinse: díorthaithe ó ECFE (2008) PF3.1 Sochair Airgid Theaghlaigh

Mar atá le feiceáil ó Tábla 7-1, de na 34 tíortha a scrúdaíodh d'oibrigh 20 ina n-áiríodh Éire córas uilíoch agus cuireann 14 tastáil mhaoine/ioncaim i bhfeidhm. Mar sin féin, cuireann roinnt tíortha a oibríonn córas uilíoch méid áirithe tastáil ioncaim i bhfeidhm freisin m. sh. san Íoslainn fad is nach bhfuil sé léirithe sa Tábla thuas íoctar bunliúntas do leanaí go léir faoi 7 mbliana d'aois nach bhfuil nasctha le hioncam. Is é 3-4 faoi gcéad leibhéal sochair an mheánphá i 13 de na 20 tíortha nach bhfuil aon tastáil mhaoine nó ioncaim acu don sochar teaghlaigh príomhúil. Tá an leibhéal is airde de na híocaíochtaí uilíocha ag 7% den mheánphá le fáil san Ungáir. Tá an méid íocaíochta d'Éirinn ag 6% den mheánphá táirgthe[141] níos airde mar sin ná an meán idirnáisiúnta. Bhí an leibhéal tacaíochta uilíoch is comónta idir 3% agus 4% den mheánphá (10 dtíortha) do leanbh amháin beagán faoi bhun é sin.

[141] Tá figiúr na hECFE don mheán Oibreoir Táirgthe difriúil ón táscaire níos luaithe bunaithe ar phá tionsclaíoch. É sin ráite tá figiúr (6%) na hECFE d'Éirinn comparáideach le meastacháin an athbhreithnithe seo do 2005 ag úsáid Ollioncaim Thionsclaíochta (5.6% do ráta SL níos ísle).

7.2.2 An aois uasta lena ndéantar íocaíocht

Níl mórán éagsúlachta sa ghnáthleibhéal uasta maidir leis an sochar a íoc. Tá na leibhéil aois uasta chéanna ag tíortha go léir sa chairt thíos (ach amháin sa tSeapáin – 12 bhliain d'aois) ó 15 – 20 bliain d'aois. Is é an aois normalach do 14 de na 27 tíortha ná 18 mbliana agus tá aois normalach 16 bliana ag 7 de na tíortha. Is é 17.24 bliana d'aois an meán do thíortha go léir beagán níos mó ná an aois normalach in Éirinn - 16 bliana d'aois. Maidir leis an aois shínithe ní chuireann 11 de na 27 tíortha áis dá leithéid ar fáil. Sna16 tír eile tá an aois shínithe idir 19 agus 27 mbliana d'aois. Is é 22.73 bhliain d'aois an meán do thíortha go léir. Is é 18 mbliana d'aois an aois shínithe normalach in Éirinn.

Figiúr 7-2: Aois normalach agus shínithe d'íocaíocht leanaí i dtíortha na hECFE.



Dáta foinsithe: Dálaí MISSOC ar an 01/07/2009 maidir le SL; Ach amháin: Ceanada– dáta foinsithe – Gníomhaireacht Ioncaim Cheanada - http://www.cra-arc.gc.ca/bnfts/cctb/fq_qlfyng-eng.html; An tSeapáin – dáta foinsithe 2007 - Aire Sláinte, Oibreachas na Seapáine - www.mhlw.go.jp/english/topics/child-support/index.html;

Tabhair faoi deara: níl aon dáta don Chóiré agus An Tuirc.

7.2.3 Leibhéal íocaíochta – ainmniúil

Athraíonn an méid míosúil a fhaigheann teaghlach ó thír go tír ag brath ar choinníollacha eacnamaíochta agus an tábhacht a chuireann siad ar íocaíochtaí sochar leanaí. Tá roinnt tíortha forbartha ag a bhfuil ráta SL íseal de bharr go n-oibríonn siad scéimeanna eile bainteach le leanaí agus/nó go bhfeiceann siad SL mar íocaíocht shiombalach. Ag féachaint ar Éirinn feicimid go bhfuil a rátaí Sl ard i gcomparáid le tíortha ECFE. Is é €93.52 in aghaidh na míosa an meánráta SL trasna tíortha ECFE. Tá Éire i bhfad os cionn an mheáin sin ag €166 in aghaidh na míosa. Tá na rátaí SL is flaithiúla sa Lucsamburg, Dainmhairg agus sa Nua Séalainn, atá níos faide fós os cionn an mhéanráta fiú. Taispeánann sonraí comparáideach ó 2002 go 2009 laistigh de na tíortha ECFE gur fhás rátaí SL go han-tapa in Éirinn le linn na mblianta sin. Sa bhliain 2002 bhí Éire gar do mheán na hECFE (€71.99 in aghaidh na míosa) ag €85.7 in aghaidh na míosa ach faoi 2009 méadaíodh é faoi dhó beagnach agus bhí sé go maith os cionn meán na hECFE (€93.52 in aghaidh na míosa) ag €166 in aghaidh na míosa.

Figiúr 7-3: Rátaí íocaíochtaí leanaí uilíocha i dtíortha ECFE – 2009 agus 2002



Foinse: díorthaithe ó bhunachar sonraí MISSOC

Tabhair faoi deara: níl aon dáta don Chóiré agus An Tuirc; Braitheann córas SL na SAM ó stát go stát; Athraíonn rátaí na Sualainne de réir cantúin. An Astráil, Ceanada, Poblacht na Seice,

An Íoslainn, An Iodáil, An tSeapáin, Nua Séalainn, An Pholainn, An Phortaingéil agus An Spáinn – níl córas uilíoch acu sin - sa tábla thuas tá meánráta againn do na tíortha sin. Tá sonraí Cheanada agus Nua Séalainn ó 2008. Athraíonn rátaí na Dainmhairge, na Seapáine, na Polainne, agus na hÍsiltíre le haois an linbh - sa tábla thuas tá meánráta againn do na tíortha sin. Níl SL ag An Fhrainc don chéad leanbh; ráta don 2ú leanbh;

7.3 Torthaí bochtanas leanaí

Úsáidtear an riosca bochtanais go hidirnáisiúnta mar phríomhtháscairí chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht bearta bochtanais.

Taispeánann Figiúr 7-4 (a) rátaí bochtanas leanaí trasna tíortha ECFE trí thorthaí i lár 2000 a bhreacadh i gcoinne caiteachais ar (a) shochair airgid agus (b) seirbhísí. Taispeánann na sonraí go raibh an ráta bochtanais in Éirinn níos airde ná an meán ECFE in ainneoin leibhéil i bhfad níos airde caiteachais ar shochair airgid. Deimhníonn na sonraí go bhfuil nasc dearfach ann idir torthaí caiteachais agus bochtanais cé go bhfuil éagsúlachtaí suntasacha i nádúr an naisc sin do thíortha aonair. Tá an taithí ag Éirinn cosúil mar shampla leis an suíomh sa RA agus san Astráil ina bhfuil torthaí níos fearr le fáil as leibhéil chosúla caiteachais agus leis na tíortha Nordaca ina bhfuil rátaí bochtanais níos ísle is cuma faoi chaiteachas níos ísle (ag cur san áireamh go bhfuil na sonraí d'Éirinn beagán díchumtha de bhrí go bhfuil íocaíochtaí do thuismitheoirí aonair áirithe).

Taispeánann Figiúr 7-4(b) go bhfuil an ghaolmhaireacht sin ann freisin do sheirbhísí agus go bhfuil an taithí in Éirinn gar dó sin a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis ó thaithí idirnáisiúnta. Caitheann na tíortha Nordacha i bhfad níos mó ar sheirbhísí leanaí go háirithe ar thacaíochtaí do theaghlaigh le leanaí óga le saoire tuistí íoctha go maith agus soláthar ard seirbhísí cúram leanaí.[142]

[142] Marie-Thérèse Letablier, Angela Luci, Antoine Math, agus Olivier Thévenon, *The costs of raising children and the effectiveness of policies to support parenthood in European countries: a Literature Review*, lth. 10.

Figiúr 7-4: Caiteachas poiblí ar (a) sochair airgid agus (b) seirbhísí i gcoinne torthaí bochtanas leanaí - lár na 2000





7.4 Leasuithe úrnua in íocaíochtaí leanaí go hidirnáisiúnta

Fad is go bhféadfaidh cosúlachtaí a bheith ann in aidhmeanna clár tá difríochtaí sna cur chuigí glactha chun éifeacht a thabhairt do na haidhmeanna sin trasna tíortha. I dtíortha áirithe cuirtear béim níos mó ar chur chuigí sonraithe fad is go leantar le cuspóirí TIL trí sholáthar uilíoch i roinnt eile. Laistigh den dá chur chuige sin, is féidir difríochtaí clár a aimsiú sna cuspóirí a leantar. Aibhsíonn An Eagraíocht Idirnáisiúnta Leasa Shóisialaigh (EILS) [143] roinnt rólanna agus cuspóirí comónta i measc clár ag cur sochair ar fáil do theaghlaigh atá ábhartha i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo. Ar an iomlán tagann an EILS ar an gconclúid go bhfuil fianaise ann go ndeartar cláir shochair theaghlaigh d'fhonn a bheith níos réadghníomhaí sa tóir ar thorthaí polasaí intomhaiste.

- Is eilimint mhór iad cláir shochair theaghlaigh laistigh de chur chuigí institiúide chomhtháite deartha sa téarma láithreach chun bochtanas a fhuascailt i measc teaghlach agus sa téarma níos faide táscairí feabhsaithe sláinte agus gnóthachtáil oideachais a bhaint amach i measc leanaí agus mar sin iad mar uirlis réadghníomhach le haghaidh caipiteal daonna a infheistiú.
- Tá cláir shochair theaghlaigh ag iarraidh brúnna an teaghlaigh agus an saol oibre a réiteach níos fearr lena chéile ar a laghad chun leibhéil níos airde gníomhaíochtaí an mhargaidh shaothair i measc an daonra atá i bhfostaíocht a spreagadh.
- Tá cláir shochair theaghlaigh ag éascú céim níos mó comhionannais inscne maidir le freagrachtaí cúram leanaí idir an mháthair agus an athair a roinnt.
- Tá cláir shochair theaghlaigh ag tairiscint níos mó tacaíochta do theaghlaigh gur mhian leo leanaí a bheith acu.
- Iarrann cláir shochair choinníollacha tionchar a bheith acu ar dhaoine fásta patrúin iompair a athrú go háirithe chun tacú níos fearr le leasanna níos fadtéarmaí a gcuid leanaí.
- De réir a chéile féachtar níos dearfaí ar chumais aistrithe airgid chun tacú le leanaí, tuismitheoirí agus an ghlúin níos sine leis an bpoitéinsil cabhrú troid in aghaidh fás eisiamh sóisialta agus tacú le haonaid teaghlaigh/clann aitíopúla atá leochaileach go minic.

[143] An Eagraíocht Idirnáisiúnta Leasa Shóisialaigh Eagraíocht Slándála, *Social Policy Highlight,* Eisiúnit Uimh.. 14, Meitheamh 2010.

7.4.1 Cur chuigí creidmheas cánach in-aisíoctha i roinnt tíortha

Mar atá imlínithe thuas tá béim níos mó curtha ag roinnt tíortha ar chur chuigí sonraithe. Mar gheall air sin, is fiú breithniú ar na cur chuigí glactha ag roinnt tíortha tacaíocht ioncam leanaí a struchtúrú trí mheán creidmheasanna cánach. Tá suim faoi leith ag baint leis na córais a n-oibrítear sna SA, san Astráil agus sa RA.

Na Stáit Aontaithe

Oibríonn na SA creidmheas cánach inaisíoctha ar a dtugtar Creidmheas Cánach Ioncaim Thuillte (CCIT nó CIT), a chiallaíonn go bhfuil sé tástáilte agus deartha chun dreasacht fostaíochta do theaghlaigh ar íseal go meánioncam a sholáthar. Athraíonn an méid creidmheasa ag brath ar an leibhéal ioncaim agus an líon leanaí cáilitheacha á dtacú. Tá riachtanais aoise agus chónaitheacha le comhlíonadh le bheith glactha mar leanbh cáilitheach. Is féidir le hoibreoirí gan leanaí cáiliú do CCIT má chomhlíonann siad na riachtanais ioncaim agus eile. Tá struchtúr trí chéim mar chuid lárnach den chreidmheas ina bhfuil céim isteach, ardchéim agus céim amach. Léirítear i bhFigiúr 7-5 an méid creidmheasa ag brath ar líon an teaghlaigh agus ioncaim bunaithe ar an mbliain chánach 2009 (coibhéiseach in euro).

Ciallaíonn sé sin mar shampla do dhuine le beirt leanbh cháilitheacha go bhfuil an creidmheas 40% den chéad $12,570 (€10,095) d'ioncam tuillte ag sroicheadh ardchéim $5,028 agus ag fanacht ansin go dtí go méadaíonn tuillimh thar $16,420 (€13,001) ag an bpointe a thosaíonn an creidmheas ag céimiú amach ag 21.06% agus ag sroicheadh náid nuair a sháraíonn tuillimh $40,295 (€31,904). Tá na teorainneacha níos airde do lánúin phósta a dhéanann comhthuaraisceán cánach (ag comhchomhdach) agus ardaítear na hardchéimeanna $5,000 (€4,065) níos mó.

Figiúr 7-5: Léaráid de ríomhadh CCIT d'ioncaim agus líon an teaghlaigh (2009)



An Astráil

Tá sampla eile idirnáisiúnta tugtha ag Sochar Cánach Teaghlaigh na hAstráile. Níl íocaíocht Sochar Leanaí uilíoch ag an Astráil. Tá dhá pháirt i Sochar Leanaí Teaghlaigh – Cuid A (do thuismitheoirí nó cúramóirí chun cabhrú le costas leanaí a thógáil) agus Cuid B (a thugann cúnamh do theaghlaigh aontuismitheora agus do theaghlaigh dhá thuismitheora le príomhioncam amháin sa chás go roghnaíonn tuismitheoir amháin fanacht sa bhaile nó roinnt oibre ar phá a chothromú le cúram a thabhairt do leanaí. Tá teidlíocht don sochar bunaithe ar ioncam incánaithe an teaghlaigh sa bhliain airgeadais luaite. Is féidir íocaíocht a dhéanamh tar éis do dhuine tuairisceán cánach a chur ar aghaidh nó go roimh ré bunaithe ar mheastachán ioncam inchánaithe le linn na bliana airgeadais le próiseas réitigh ag deireadh na bliana airgeadais. Tá feidhmiú Creidmheas Cánach Teaghlaigh na hAstráile léirithe i bhFigiúr 7-6 agus Figiúr 7-7.[144]

[144] *Ireland's Child Income Supports: The Case for a New Form of Targeting,* lth. 65.

Figiúr 7-6: An Astráil – creidmheas cánach A, 2005



Figiúr 7-7: An Astráil – creidmheas cánach B, 2005



An Ríocht Aontaithe

Cuireann Creidmheas Cánach Leanaí (CCL) sa RA léargas níos mó ar fáil ar fheidhmiú agus struchtúr córas creidmheas cánach/aisíocaíochta bunaithe tacaíochta ioncam leanaí. Tugadh Creidmheas Cánach Leanaí (CCL) isteach sa RA in Aibreán 2003 ag an am céanna le Creidmheas Cánach Oibre (CCO). Tháinig an dá chreidmheas sin in ionad sochar Creidmheasa Cánach Teaghlaigh ag Obair (CCTO). Tá FIT na hÉireann an-chosúil le CCTO an RA. I gcomhthéacs an athbhreithnithe sin tá forbhreithniú an dá chreidmheas araon ábhartha. Tá CCL atá iníoctha sa bhreis ar SL bunaithe ar ioncam agus iníoctha cibé an bhfuil duine i bhfostaíocht nó nach bhfuil. Is féidir le teaghlaigh go léir le leanaí le hioncam suas le £58,000 (€67,200) in aghaidh na bliana (nó suas le £66,000 (€76,500) in aghaidh na bliana má tá leanbh faoi 1 bhliain d'aois i gceist) éileamh a dhéanamh. Tá iliomad eilimintí i CCL. Taispeánann Tábla 7-2 uasluach gach eiliminte ach braitheann an méid a fhaigheann duine ar ioncam.

Tábla 7-2: Comhchodanna creidmheas cánach leanaí (2009-2010)

Eilimint	**Méid Bliantúil 2009-2010**
Eilimint teaghlaigh (ceann amháin in aghaidh an teaghlaigh)	£545 (€632)
Eilimint teaghlaigh, leanbh nua saolaithe (íoctha le teaghlaigh le leanbh faoi 1 bhliain d'aois sa bhreis ar an eilimint teaghlaigh	£545 (€632)
Eilimint linbh (lena n-áirítear iad siúd faoi 1 bhliain d'aois íoctha ar gach leanbh)	£2,235 (€2,590)
Eilimint leanbh faoi mhíchumas (íoctha sa bhreis ar an eilimint linbh)	£2,670 (€3,094)
Eilimint leanbh faoi dhianmhíchumas (íoctha sa bhreis ar an eilimint linbh agus an eilimintí leanbh faoi mhíchumais)	£1,075 (€1,245)

Bunaithe ar an mbliain chánach 2009-2010 d'fhéadfadh duine le beirt leanaí agus ioncam bliantúil £15,000 (€17,400) ach neamhcháilitheach do chreidmheas cánach oibre creidmheas cánach linbh $5,020 (€5,819) - a fháil - coibhéiseach le £96.32 (€111.65) in aghaidh na seachtaine. Is íocaíocht é CCO chun breis a chur le tuillimh lucht oibre ar ísealphá (cibé i bhfostaíocht nó féinfhostaithe) lena n-áirítear iad siúd gan leanaí. Cosúil le CCL, tá an-chuid eilimintí i CCO agus áirítear méideanna breise maidir le costas cúramleanaí 'cláraithe' nó 'faomhaithe' mar shampla – clúdaítear suas le 80% de chostais chúramleanaí cháilitheacha suas go méid uasta ag brath ar líon na leanaí. Is fiú $140 (€162) in aghaidh na seachtaine (uasmhéid £175 x 80%) an eilimint chúramleanaí do theaghlaigh le leanbh amháin agus €240 (€278) in aghaidh na seachtaine (uasmhéid £300 x 80%) do theaghlaigh le beirt nó níos mó leanaí.

Íoctar CCO sa bhreis ar CCL. Bunaithe ar an mbliain chánach 2009-2010 d'fhéadfadh aontuismitheoir nó lánúin le beirt leanaí ag obair 30 uaire in aghaidh na seachtaine agus le hioncam £10,000 (€11,590) in aghaidh na bliana creidmheas cánach £8,155 (€9,453) a fháil. Tá feidhmiú Creidmheas Cánach Teaghlaigh an RA léirithe i bhFigiúr 7-8.

Figiúr 7-8: RA - Tacaíocht ioncaim bhliantúil don chéad leanbh (2010)



I Meán Fómhair 2010 d'fhógair Comhrialtas na RA nua athruithe dá scéim Sochar Leanaí mar chuid dá nAthbhreithniú Caiteachais ilbhliantúil. Cosúil le hÉirinn tá teaglaim de chláir uilíocha agus roghnacha ag an RA do theaghlaigh le leanaí. Faoi shocruithe reatha is íocaíocht uilíoch é Sochar Leanaí RA agus íoctar í suas go 19 mbliana d'aois dóibh siúd in oideachas lánaimseartha nó 16 i gcásanna eile agus íoctar é ag an ráta £20.30 (€23.53) in aghaidh na seachtaine do leanaí eile – a chiallaíonn go bhfaigheann teaghlach le 3 leanbh beagnach £2,500 (€2,898) in aghaidh na bliana. Leis an Athbhreithniú Caiteachais tá imeacht ó phrionsabal uilíochais i dtéarmaí Sochar Leanaí tríd an íocaíocht a tharraingt siar ó theaghlaigh le cáiníocóir ráta níos airde ó Eanáir 2013 (sé sin iad siúd a íocann cáin ag ráta 40 nó 50 faoin gcéad, is é an pointe gearrtha ná £44,000 (€51,000) in aghaidh na bliana). In éifeacht is é aidhm an RA ná tastáil mhaoine a dhéanamh ar Shochar Leanaí tríd an gcóras cánach. Tá an beart sin deartha chun £2.5 billiún a shábháil in aghaidh na bliana faoi 2014-15. Samhlaítear go n-úsáidfear cuid de na coigiltis chun roinnt mhéaduithe thar innéacs a mhaoiniú sa Chreidmheas Cánach Leanaí do theaghlaigh ar ísealioncam le linn na tréimhse 2011 -2013. Tá sé deimhnithe ag Ciste an RA nach mbeadh aon éifeacht tomhaiste ag na bearta sin ar rátaí bochtanas leanaí bunaithe ar anailís ó shamhail mhicrinsamhlúcháin shochair chánach.[145]

Tá impleachtaí an chur chuige sin beagán neamhshoiléir cé go bhfuil roinnt saincheisteanna aithnithe ag Institiúid Staidéir Fhioscacha na RA lena n-áirítear tarraingt siar Sochar Leanaí nuair is cáiníocóir ag an ráta níos airde duine de lánúin is cuma faoi chomhioncam an lánúin agus an éifeacht ar dhreasachtaí do theaghlaigh le leanaí. Mhol an Institiúid go raibh

[145] *Spending Review 2010,* HM Treasury (2010), lth. 99 – 98.

saincheist na ndreasachtaí tábhachtach go háirithe i gcásanna go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh daoine fásta le leanaí a gcuireann a n-ioncam iad faoi bhun tairsigh cánach ioncaim ráta níos airde, níos measa as le méadú beag in ioncam. D'fhéadfadh an chaoi lena ndéileáiltear leis na saincheisteanna teicniúla sin a bheith mar chúis leis an bhfad ama a thógtar chun na bearta sin a chur i bhfeidhm.[146]

Fionnachtain 7-1: Cuireann an chuid is mó tíortha tacaíocht airgeadais ar fáil do theaghlaigh agus leanann siad na cuspóirí céanna ach d'fhéadfadh cur chuigí a bheith difriúil.

Cuireann tíortha go léir beagnach tacaíocht airgeadais ar fáil do theaghlaigh. Fad is gur féidir difríochtaí sna cur chuigí a fheiceáil tá na cuspóirí polasaí a leantar cosúil lena chéile. Forbraíodh tacaíocht airgeadais do theaghlaigh thar am agus léiríonn siad coinníollacha sóisialta agus eacnamaíochta atá ag athrú. Taispeánann anailís go bhfeidhmíonn i bhfad os cionn leath de thorthaí na ECFE córas uilíoch. Níl mórán éagsúlachta sa leibhéal aoise normalaí ag a n-íoctar sochar. Tá éagsúlachtaí sa mhéid a íoctar trasna tíortha. Tá ráta íocaíochta na hÉireann ard go coibhneasta agus méadaíodh é go suntasach sa tréimhse ó 2002 go 2009. In ainneoin caiteachais níos airde tá rátaí bochtanais in Éirinn ard go coibhneasta agus mar sin tá Éire mar asluiteach i gcomparáid le roinnt tíortha go háirithe na Stáit Nordacha. Tá caiteachas ar sheirbhísí tábhachtach agus tá éifeacht dhearfach aige ar thorthaí bochtanais.

7.5 Achoimre

Tugann an chaibidil seo forbhreathnú ar thaithí tíortha eile i dtéarmaí caiteachais ar thacaíochtaí ioncam leanaí. I Mír 7.1 rinneadh breithniú ar chaiteachas TIL sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus ag aithint go bhfuil saincheisteanna sainmhínitheacha ann idir stáit difriúla ar a bhfuil i gceist le tacaíochtaí ioncam leanaí tá caiteachas na hÉireann ar a leithéid de chláir ard go coibhneasta. Scrúdaíodh i Mír 7.2 córais sochair leanaí trasna na hEFCE agus taispeántar go raibh éagsúlachtaí ann idir stáit i dtéarmaí cibé ar íocadh sochair ar bhonn uilíoch nó roghnach agus leibhéal na híocaíochta. Ní raibh an méid sin éagsúlachta i dtéarmaí na haoise is airde lena raibh íocaíochtaí á ndéanamh. Breithníodh i Mír 7.3 torthaí bochtanas leanaí trasna na hECFE agus taispeánadh gur chaith Éire leibhéil shuntasacha níos airde caiteachais ar shochair airgid ach dá ainneoin sin bhí an ráta bochtanais in Éirinn níos airde ná meán na hECFE. Sa deireadh féachadh i Mír 7.4 ar na leasuithe úrnua in íocaíochtaí leanaí sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Breithníodh ar an treocht béim níos mó a chur ar bhonn sonraithe le tagairt do na córais chreidmheasa cánach mar a feidhmíodh iad sna SA, san Astráil agus sa RA.

[146] http://www.ifs.org.uk/publications/5297 (arna rochtain 29 Deireadh Fómhair, 2010).